

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Leabhrán Eolais an Iarrthóra

Léigh go cúramach le do thoil

Tá sé beartaithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (le cead na Roinne Oideachais) comórtas a réachtáil le haghaidh an phoist mar

Leas-Phríomhfheidhmeannach

Conradh Buan

Dáta Deiridh Iontrála: Meán oíche Dé Luain 8 Lúnasa 2022

Tá an Roinn Oideachais tiomanta do pholasáí comhdheiseanna.

Reáchtálfaidh COGG an feachtas seo de réir na gCód Cleachtais a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus atá ar fáil ar:
<https://www.cpsa.ie/index.xml?&Language=ga>

Teideal an Phoist:	Leas-Phríomhfheidhmeannach
Roinn:	An Roinn Oideachais ag dul ar iasacht chuig an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
Suíomh:	Ceanncheathrú COGG i mBaile Átha Cliath

Cúlra:

Bunaíodh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) faoi fhorálacha Alt 31 d'Acht Oideachais 1998 leis na feidhmeanna reáchtúla seo leanas:

- Soláthar téacsleabhar agus acmhainní do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú. Comhairle a thabhairt don Aire maidir le cur ar fáil agus cur chun cinn oideachas trí mheán na Gaeilge
- Seirbhísí taca a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge
- Taighde a sheoladh ar ábhar a bhaineann leis na cúraim:
 - Soláthar téacsleabhar agus acmhainní do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
 - Comhairle a thabhairt don Aire maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge agus
 - Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) maidir le nithe a bhaineann le múineadh na Gaeilge, le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus riachtanais oideachais na ndaoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta

Feidhmíonn COGG faoi choimirce na Roinne Oideachais agus is í an Roinn a fhostaíonn an Leas-Phríomhfheidhmeannach (LPF) –a théann ar iasacht chuig COGG i gcomhair an téarma sheasta.

Tá LPF COGG freagrach don Phríomhfheidhmeannach, don Chathaoirleach agus do Bhord COGG. Tá dáréag ar an mBord; ionadaithe scoileanna, tuismitheoirí, ceardchumann, na Roinne Oideachais agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile. Tá éifeacht agus feidhmiú rathúil COGG ag brath go mór ar an tacaíocht agus ar an gcabhair a chuireann an LPF ar fáil don Phríomhfheidhmeannach.

Tá naonúr ar an bhfoireann lán-aimseartha reatha. Is post nua é an post seo. Tá COGG ag comhoibriú le líon ard soláthróirí seirbhíse ar conradh ag obair go leanúnach do COGG. Tá an phríomhoifig i mBaile Átha Cliath agus tá an dara hoifig sna Forbacha i gContae na Gaillimhe.

Tá buiséad €2.84m ag COGG don bhliain 2022. **Is trí mheán na Gaeilge a fheidhmíonn COGG.**

Is iad seo a leanas na príomhfhreagrachtaí a bheidh i gceist don té a cheapfar sa phost:

- Tacú le tosaíochtaí rialtais i leith na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta mar a bhaineann:
 - le hoideachas trí mheán na Gaeilge,
 - le teagasc na Gaeilge,
 - le feidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge,
 - le feidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta,
 - leis an bPolasaí nua atá i mbéal forbartha ag an Roinn Oideachais don Ghaelscolaíocht
- Comhpháirtíochtaí a spreagadh idir na seirbhísí tacaíochta éagsúla le tacú leo a gcuid seirbhísí ar fad a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, na seirbhísí tacaíochta mar a shainítear iad san Acht Oideachais,
 - na seirbhísí Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí
 - seirbhísí síceolaíochta do scoileanna
 - seirbhísí na Comhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta agus
 - seirbhísí Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte
- Tacú leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an mBord agus comhairle á cur ar fáil don Aire Oideachais agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir le teagasc trí Ghaeilge agus teagasc na Gaeilge i scoileanna na tíre
- Pleananna Corparáideacha agus Pleananna Straitéise a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Bhoird i bpáirt leis an bPríomhfheidhmeannach
- Tuairiscí bliantúla a réiteach i bpáirt leis an bPríomhfheidhmeannach agus baill foirne eile le cur ar fáil don Roinn Oideachais
- Dréachtú agus uasdátú leanúnach polasaithe faoi réir fhorálacha an Chóid Chleachtais chun Comhluchtaí Stáit a Rialú (2016) agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird
- Bainistiú agus maoirisú ar fheidhmeanna corparáideacha COGG lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, acmhainní daonna agus bainistíochta
- Tacú leis an gcoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus a chathaoirleach
- Bainistiú ar chórais rialuithe inmheánacha agus córais dearbhaithe cáilíochta na heagraíochta
- Straitéis dhigiteacha agus nuálaíochta do COGG a fhorbairt i bpáirt leis an bPríomhfheidhmeannach agus aon straitéisí ábhartha eile a bheadh le forbairt
- Ullmhú aighneachtaí i bpáirt leis an bPríomhfheidhmeannach, ar ábhar a bhaineann le feidhmeanna réachtúla COGG agus ullmhú ráitis do leithéidí Chomhchoistí an Oireachtais
- Freagracht a ghlacadh as aon iarratas a thiocfadh chuig COGG faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, plé le haon achomharc nó comhfhreagras eile agus taifid chuí a choinneáil
- Comhordú pleananna reatha maidir le soláthar téacsleabhar agus acmhainní teagaisc do theagasc trí Ghaeilge agus teagasc na Gaeilge
- Feidhmiú mar rúnaí boird agus oibriú i bpáirt leis an Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin in ullmhú cáipéisíochta agus ábhair eile do chruinnithe Boird
- Feidhmiú mar ionadaí an Phríomhfheidhmeannaigh sa chás nach mbeadh sí/ sé ar fáil ar aon chúis agus tacaíocht a chur fáil dó/ dí, nuair is cuí.

Beidh na tréithe seo a leanas ag an duine a cheapfar:

- Cumas a c(h)uid dualgas ar fad a chomhlíonadh trí Ghaeilge
- Taithí ag feidhmiú ag leibhéal sinsearach i dtimpeallacht chasta
- A bheith in ann foireann soláthróirí seirbhíse a stiúradh agus a bhainistiú
- A bheith in ann acmhainní airgeadais a mhaoirsiú agus a bhainistiú go héifeachtach
- Scileanna ceannaireachta agus smaointeoireacht straitéiseach agus chruthaitheach
- Scileanna anailíse agus riaracháin
- A bheith in ann cinntí agus breith iontaofa a dhéanamh
- A bheith in ann feidhmiú le Bord Stiúrtha agus le coistí
- Taithí agus tuiscint ar thaighde agus ar fhorbairt pholasaí
- Scileanna cur i láthair agus óráidíochta poiblí den scoth
- A bheith in ann plé le réimse leathan tionscadal agus tascanna ag an am céanna
- Tuiscint ar riachtanais ghairmiúla agus phraiticiúla mhúinteoirí

Riachtanach:

- Cáilíocht TEG ar leibhéal C1 nó a choibhéis
- Mioneolas ar an gcóras oideachais in Éirinn, go háirithe mar a bhaineann le feidhmeanna reachtúla COGG
- Eolas ar pholasaithe stáit mar a bhaineann
 - le hoideachas trí mheán na Gaeilge
 - le teagasc na Gaeilge
 - leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus
 - leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta
- Sárthuiscint ar na riachtanais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit
- Ardscileanna cumarsáid bhéil agus scríbhneoireachta i nGaeilge agus i mBéarla
- Scileanna pleanála, eagrúcháin agus réitithe fadhbanna

Inmhianaithe:

- Cáilíocht ag leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochta ábhartha do phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh
- Taithí múinteoireachta ar leibhéal na bunscolaíochta nó na hiar-bhunscolaíochta
- Taithí agus tuiscint ar an bpróiseas foilsitheoireachta mar a bhaineann le téacsleabhair agus áiseanna foghlama eile
- Taithí agus tuiscint ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha

Príomhinniúlachtaí:

Tá taca curtha faoi “Luachanna na Seirbhíse Poiblí” ag sé phríomhréimse inniúlachta. Tá liosta na dtáscairí feidhmíochta a leagtar amach sa ‘Nóta Faisnéise’ atá ar fáil sa Lárionad Comhairle ar publicjobs.ie mar bhun agus thaca ag gach ceann de na príomhinniúlachtaí sa tsamhail nua. Tá na príomhinniúlachtaí sin ar fáil in Aguisín 1.

Incháilitheacht chun dul san Iomaíocht agus Sriantha Áirithe ar Incháilitheacht Riachtanais i dtaca le Saoránacht

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe:

(a) a bheith ina saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Is iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE;

(b) nó a bheith ina saoránaigh den Ríocht Aontaithe (RA);

(c) nó a bheith ina saoránaigh den Eilbhéis de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilbhéis maidir le saorghluaiseacht daoine;

(d) nó a bheith ina saoránaigh de thíortha nach tíortha den LEE iad ach gur céile nó leanbh le saoránach den LEE nó den Eilbhéis iad agus go bhfuil víosa stampa 4 acu;

(e) nó a bheith ina ndaoine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta orthu faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici;

(f) nó a bheith ina saoránaigh de thíortha nach tíortha den LEE iad agus gur tuismitheoirí leanaí cleithiúnacha iad atá ina saoránaigh de bhallstát an LEE, nó den Ríocht Aontaithe nó den Eilbhéis agus atá ina gcónaí sa bhallstát sin agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoin dáta a ndéanfar post ar bith a thairiscint chun go gcáileoidís.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí

Tugadh isteach le litir den 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra, Comhaontú Comhchoiteann a rinneadh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste na Seirbhísí Poiblí de Chomhdháil na gCeadchumann maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe d'fhostaíocht athuair sa tseirbhís poiblí le haon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) go ceann tréimhse 2 bhliain ó cuireadh deireadh leis an bhfostaíocht. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a n-éireadh leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh a bheith leis an tréimhse nach mbeifí incháilithe).

Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 de chuid na Roinne Airgeadais nach bhfuil daoine a chuaigh ar scor faoin Scéim sin incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san eanáil chéanna. Mar sin, ní ceadmhach do dhaoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Tugadh isteach le Ciorclán 7/2000 de chuid na Roinne Sláinte, den 1 Samhain 2010, Scéim Spriocdhírthe Luathscoir Dheonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Tá sé mar choinníoll de scéim an VER nach mbeidh daoine a bhain leas as an scéim incháilithe d'fhostaíocht athuair in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán as an airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar fhostaíocht athuair i bhfeidhm faoi scéim an VRS ach gur ar feadh tréimhse 7 mbliana a mhaireann an cosc. Níl duine ar bith a bhain leas as scéim an VER incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as scéim an VRS agus a n-éireodh leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (deireadh a bheith leis an tréimhse nach mbeifí incháilithe).

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Imlitir LG/P 06/2013)

Tugadh isteach Scéim Dheonach Luathscoir d'Údaráis Áitiúla le hImlitir LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí den 28 Meitheamh 2012, mar a shonraítear thuas, is sainchoinníoll den Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe d'fhostaíocht athuair i gcomhlacht Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 - 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain ón dáta a bhfágann siad faoin Scéim seo. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm freisin i gcás ina bhfostófaí duine ar bhun conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Dearbhú:

Beidh ar na hiarratasóirí a dhearbhú cé acu a bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe de chuid na Seirbhíse Poiblí roimhe seo nó nár bhain. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíocht atá acu maidir le sochar pinsin Státseirbhíse (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad fógra maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní mór iarratais a dhéanamh trí iarratas a chur faoi bhráid ar líne agus cáipéis shingil a cheangal ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- CV Cuimsitheach
- Litir chumhdaigh/ráiteas pearsanta gearr (.i. nach faide ná 2 leathanach) ina dtugtar breac-chuntas ar na fáthanna ar mhaith leat a bheith san iomaíocht don phost agus ar an dóigh a gcreideann tú go sásaíonn do scileanna, thaithí agus luachanna riachtanais an phoist.

Dáta Dúnta: Meán oíche Dé Luain 8 Lúnasa 2022

Próiseas Roghnúcháin:

D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh mar chuid den Phróiseas Roghnúcháin:

- gearrliostáil ar iarratasóirí ar bhonn an eolais atá curtha ar fáil
- réamhagallamh iomaíoch;
- agallamh iomaíoch ina bhféadfaí cur i láthair a bheith i gceist.

Tabhair faoi deara le do thoil

Ar fháil gach iarratais dúinn, seolaimid teachtaireacht admhála. Mura bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas taobh istigh de 3 lá ó chuir tú d'iarratas isteach, seol ríomhphost chuig poist@cogg.ie. Déanaimid iarracht fógra a thabhairt, chomh luath agus is féidir, le haghaidh dátaí agallaimh srl. Ba chóir go gcuirfeadh iarrthóirí iad féin ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonraíonn COGG.

Gearrliostú

Cé go bhféadfaí go sásódh iarrthóir na riachtanais cháilitheachta don chomórtas, dá dtarlófaí nach mbeadh sé praiticiúil gach duine a chur faoi agallamh mar thoradh ar líon na n-iarrthóirí, d'fhéadfaí go gcinntí go n-iarrafaí ar líon níos lú daoine dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Ón taobh sin de, tionólfar bord feiliúnach a dhéanfaidh measúnú ar na hiarrthóirí sin a léiríonn an cumas is airde i gcomhair an phoist, ag brath ar scrúdú a dhéanamh ar na CVanna agus ar na litreacha cumhdaigh/ráitis phearsanta. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach bhfuil siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe atá níos cáilithe agus/nó go bhfuil níos mó taitheíomchuí acu.

Is féidir go n-áireofar sna critéir do ghearrliostú na critéir atá riachtanach chomh maith leis na critéir atá inmhiannaithe don phost. Is ar mhaithe leat féin, dá réir, go dtabharfa mionchuntas cruinn ar do cháilíochtaí agus do thaithí, ar an bhfoirm iarratais.

Teistiméireachtaí

Bheimis buíoch díot dá smaoineofa ar chúpla duine a cheapann tú a bheadh oiriúnach mar mholtóirí a mbeimis in ann labhairt leo (3 ainm agus sonraí teagmhála).

Ní gá d'fhostóir reatha a lua ach ba chóir go mbeadh siad in ann teistiméireacht a thabhairt fút. Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann cuntas réasúnta úrnua a sholáthar maidir le d'fheidhmíocht agus d'iompraíocht i gcomhthéacs na hoibre. D'fhéadfaí gur mhaith leat moltóirí a roghnú a d'fhéadfadh a leithéid d'fhaisnéis a chur ar fáil ó dhearccháidifriúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Bí cinnte nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin sa chás go gcuirtear san áireamh thú i ndiaidh staid an réamhagallaimh. Tabhair faoi deara, le do thoil: má éiríonn leat san agallamh deiridh, beidh orainn teistiméireacht a fháil ó d'fhostóir reatha sula molfar thú do cheapachán. D'fhéadfaí go mbeadh ar iarrthóirí rathúla roinnt próiseas imréitigh, mar atá, Dearbhú Sláinte agus Cáile, Grinnfhiosrúchán an Gharda

Síochána, agus aon seiceálacha ábhartha eile atá riachtanach i gcomhair an róil faoi leith a chomhlánú.

Feidhmíonn COGG trí mheán na Gaeilge. Ní mór gach cáipéis a sheoladh chuig COGG i nGaeilge amháin. Is i nGaeilge a bheidh na hagallaimh ach d'fhéadfaí ceisteanna a chur ar iarrthóirí i mBéarla freisin.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

Ginearálta

Ceapachán ar chonradh buan sa Státseirbhíse atá ann.

Tuarastal

Íoctar post an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh ar scála analógach le Príomhoifigeach Cúnta mar a leagtar amach thíos (le héifeacht ón 1 Iúil 2021).

Scála Tuarastail Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RPP) analógach le Príomhoifigeach Cúnta:

€77,275 – €80,215 – €83,161 – €86,106 – €89,051 – €90,771 – € 93,693 (IFS 1) – € 96,622 (IFS 2)

Tá an ráta RPP i bhfeidhm nuair a chaithfidh an duine Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (nó ranníocaíocht phríomhscéime, mar a thugtar uirthi chomh maith) a dhéanamh, de réir rialacha a bpríomhscéime, a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann sin agus an ranníocaíocht a dhéantar mar bhall de scéim do Chéilí agus do Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile.

Beidh ráta eile i gceist mura gcaithfidh an ceapaí Rannaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

Is féidir go n-íocfar incrimintí fadseirbhíse tar éis trí bliana (IFS 1) agus 6 bliana (IFS 2) de sheirbhís shásúil ag an bpointe is airde den scála.

Fógra tábhachtach

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófaí an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais. Is féidir go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú atá ag obair faoi láthair. Má tá an obair sásúil, íocfar incrimintí ag teacht le polasaí reatha an Rialtais. Is féidir go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú atá ag obair faoi láthair.

Aontaíodh iarrthóirí a n-éiríonn leo go n-íocfar aon mhór-íocaíochtaí de thuarastal, liúntais nó costais de réir Chiorcláin 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntais agus Costas a dhéantar do Bhaill Foirne/ Iar-Bhaill Foirne/ Pinsinéirí.

Feidhmeanna, Cumhachtaí agus Dualgais

Níl de chead ag an té a cheapfar dul i mbun cleachtas príobháideach nó a bheith ceangailte le gnólacht sheachtrach ar bith a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú dualgas oifigiúil nó a rachadh salach ar an bpost mar Phríomhoifigeach Cúnta ar chor ar bith.

Uaireanta Freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ná 43 uair an chloig agus 15 nóiméad san iomlán in aghaidh na seachtaine. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go bhféadfaí uaireanta freastail a choigeartú ó am go ham de réir pholasaí an Rialtais. Beidh ar an iarrthóir a n-éiríonn leis/léi uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh i gceart, de réir na dteorainneacha atá leagtha amach sna rialacháin um uaireanta oibre. Leis an íocaíocht is iníoctha clúdaítear aon dliteanas breise freastail a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Saoire Bhliantúil

30 lá saoire sa bhliain atá ag gabháil le ról LPF COGG. Tá sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le saoire bhliantúil sa státseirbhís, ar sheachtain cúig lá atá sé bunaithe agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh sa mhéid sin.

Saoire Bhreiteachta

Ar bhonn pro rata, de réir na bhforálacha sna ciorcláin a bhaineann le saoire bhreiteachta, a íocfar pá le linn saoire bhreiteachta atá deimhnithe i gceart, a fhad is nach bhfuil aon fhianaise ar bhuan-neamhábaltacht seirbhíse ann. Beidh ar oifigigh atá ag íoc ráta Aicme A den ÁSPC sainordú a shíniú ag tabhairt údaráis don Roinn Coimirce Sóisialaí aon leas a bheidh dlite faoi na hAcha Leasa Shóisialaigh a íoc díreach leis an Roinn Oideachais.

Beidh íocaíochtaí a dhéanfar le linn breiteachta faoi réir an choinníll go gcuireann an t-oifigeach na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama cuí.

Aoisliúntas agus Scor

Is iad na téarmaí agus na coinníollacha cuí i dtaca le haoisliúntas a bheidh i bhfeidhm sa Státseirbhís ag an am a thairgfear, tráth an cheapacháin, don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Is gnách gur ceapachán mar bhall de Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ('An Scéim Aonair') a thairgfear do dhuine nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí. Tá sonraí uile na scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie/ga

I gcás gur oibrigh an té a cheapfar i bpost inphinsin de chuid na seirbhíse poiblí (faoi théarmaí scéime nach í an Scéim Aonair í) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó go bhfuil sé/í ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le pá nó gan é, d'fhéadfadh sé go mbeadh coinníollacha difriúla i bhfeidhm. Is iad seo thíos na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an íosaois a bhfuil pinsean iníoctha agus aois cháilíochta an Phinsin Stáit, 66 bliain d'aois faoi láthair.

- Aois Scoir: Ní foláir do bhaill na scéime dul ar scor agus 70 bliain d’aois slánaithe acu.
- Baintear leas as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraítear pinsean agus cnapshuim gach bliain agus uasghrádaítear iad gach bliain faoi threoir an phraghasinnéacs tomhaltóirí).
- Ceanglaítear méaduithe pinsin iar-scoir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Laghdú ar Phinsean

- Má bhí an té a cheaptar fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá an duine sin ag saothrú pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má thagann pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí i bhfeidhm le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean faoi réir laghdú de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Tabhair do d’aire, le do thoil: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm le forálacha an laghdaithe áit a mbaineann sin le hábhar. Ní mheastar go dtabharfaidh an Roinn/Oifig a bheidh ag fostú an duine seo tacaíocht d’iarratas ar dhíolúine ón laghdú i gcás ceapachán sa phost seo.
- Mar sin féin, má bhí an duine a cheaptar fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí, áfach, agus má bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) nó Ciorclán 7/2010 VER/VRS na Roinne Sláinte nó Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas), ní bheidh an té a cheaptar i dteideal an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. D’fhéadfadh sé go ndéanfaí 15 socruithe speisialta, áfach, le go gcuirfeadh san áireamh cibé seirbhís a rinne an duine roimhe seo chun críocha aon aoisliúntais a d’fhéadfadh an duine a bheith i dteideal a fháil sa todhcháil.

Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna i dtaca le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir sin, seachas i gcás na n-eisceachtaí atá leagtha amach in alt 10.2 agus 10.3 den chiorclán cuí, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraith 1, 2 nó 3 den scéim sin agus má fhostaítear i gcáil ar bith ina dhiaidh sin é/í i réimse ar bith den earnáil phoiblí, go gcuirfeadh stad láithreach le híocaíochtaí pinsin faoin scéim sin leis an duine sin. Tosófar íocaíochtaí pinsin athuair, áfach, nuair a chríochnóidh an fhostaíocht sin nó ar 60ú lá breithe an duine, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar arís iad beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfeadh na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh nuair a bheidh íocaíocht an phinsin á háireamh).

Scor de Bharr Drochshláinte

Tabhair do d’aire, le do thoil, go bhfuil ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo de bharr dhrochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, a dhearbhu, ag céim thosaigh an

iarratais, don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á riar aici, go bhfuil an pinsean sin á fháil aige/aici. Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an POL ionas go ndéanfar measúnú ar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus aird ar an riocht a cháiligh do scor iad de bharr drochshláinte.

Ceapachán tar éis Scoir de bharr Drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena n-iarratas sa chomórtas, ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Má cheaptar go bhfuil siad in ann seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad i bpost, cuirfear deireadh lena bpinsean de bharr drochshláinte ón státseirbhís.
2. Má tharlaíonn ina dhiaidh sin go dteipeann orthu an promhadh a chomhlíonadh nó go socraíonn duine an post sannta a fhágáil, ní féidir a stádas SDS a fhreaschur nó a bpinsean SDS ón státseirbhís a bhí ann roimh an iarratas a thabhairt ar ais agus níl aon teidlíocht dá leithéid.
3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

Ceapachán tar éis scoir de bharr drochshláinte ón tseirbhís phoiblí:

1. I gcás gur imigh duine aonair ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, d'fhéadfadh sé go mbeadh a p(h)insean drochshláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú i gcomhréir leis na rialacha maidir le scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn leis an iarratasóir, beidh air/uirthi, ar a c(h)eapadh, a dhearbhu cibé acu atá nó nach bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (pinsean drochshláinte nó pinsean eile) á fháil aige/aici agus d'fhéadfadh sé go mbeadh a p(h)insean seirbhíse poiblí faoi réir laghdú.
3. Déanfar ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) den iarratasóir nuair a cheaptar é/í má bhí breis agus 26 seachtain de shos ina s(h)eirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil eolas níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd a bhfuil pinsean seirbhíse poiblí nó drochshláinte á fháil acu ar fáil tríd an nasc seo nó trí iarratas a chur chuig an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Fabhrú Pinsin

Beidh teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a chur san áireamh i dtreo pinsin nuair a bhí duine mar bhall de bhreis agus scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin roimhe seo (i.e. Scéim NeamhAonair), faoi mar a shonraítear in Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí aige sin maidir le duine ar bith ar ar bronnadh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (RAB) i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin, 2017. Chun teacht ar eolas breise maidir leis an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Státseirbhísigh, féach an láithreán gréasáin seo a leanas, le do thoil: www.singlepensionscheme.gov.ie/ga

Rúndacht agus Caighdeáin Iompair:

Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas: Le linn théarma an chonartha promhaidh, beidh an té a cheapfar faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014. Aontóidh an té a cheapfar gan aon eolas rúnda a nochtadh do thríú páirtithe, cibé acu le linn na tréimhse fostaíochta nó ina dhiaidh sin.

Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar:

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

Réamhcheadú foilseachán:

Aontóidh an té a cheapfar gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla nó lena dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan réamhchead a fháil ó Chathaoirleach an Údaráis nó ó oifigeach údaraithe iomchuí eile.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn na téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha lena rialáítear státseirbhísigh agus an pholaitíocht. Tabhair do d'aire, le do thoil, mar Roghafhostóir agus faoi Chlár an Rialtais, tá deiseanna d'fhostaithe chun oibriú go cianda á n-iniúchadh ag an Státseirbhís. Bí ar an eolas gur féidir le hiarrthóirí a n-éiríonn leo iarratas a dhéanamh ar dheiseanna oibre, ach gurb é an fostóir a dhéanann cinntí faoi na deiseanna agus go ndéantar iad i gcomhréir le riachtanais ghnó na heagraíochta agus de réir an cháis.

FÓGRA TÁBHACHTACH

Is féidir go mbeidh feidhm ag pá éagsúil agus ag coinníollacha éagsúla más rud é, go díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí.

Léirítear thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní cheaptar é a bheith ina liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile, a dhéanfar a leagan amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éiríonn leis nó léi.

Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh an Roinn Oideachais ná COGG freagrach as aon chostas a tharraingíonn iarrthóirí orthu féin a íoc ar ais.

Ní thugann cead isteach iarrthóra do chomórtas, nó cuireadh chun agallaimh, le fios go nglacann an Roinn Oideachais leis go gcomhlíonann an t-iarrthóir úd coinníollacha uile an Chomórtais nó nach bhfuil an t-iarrthóir dícháilithe ó cheapachán de réir dlí.

Sula moltar aon duine don cheapachán seo, déanfaidh COGG gach fiosrúchán a cheaptar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh, nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán.

Sa chás go ndéanann an chéad duine a mholtar do cheapachán an ceapachán sin a dhiúltú, nó má éiríonn sé as tar éis dó glacadh leis an gceapachán, féadfaidh an Bord, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo.

Tábhacht na Rúndachta

Faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014 caithfear le gach iarratas go rúnda. Caitear le gach fiosrú, iarratas agus gnéithe uile na n-imeachtaí go rúnda agus ní nochtar le duine ar bith iad seachas leo siúd atá bainteach go díreach leis an ngné sin den phróiseas.

Baintear ábhair áirithe faisnéise, nach sonrath do dhuine aonair ar bith, as taifid ríomhaire ar mhaithe le staidreamh ginearálta.

Meas faoi Aistarraingt Iarrthóireachta

Ní bheidh cúis bhreithniúcháin a thuilleadh ag iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar an agallamh ag an am agus san áit mar a d'iarr COGG air/ uirthi, nó nach dtugann fianaise mar a iarrann COGG maidir le aon ábhar a bhaineann lena iarrthóireacht.

Táthar ag súil go gcuireann an t-iarrthóir an cháipéisíocht ar fad ar fáil do COGG faoi cheann cúig lá ó iarrtar í. Má theipeann air déanamh amhlaidh, measfar go bhfuil an t-iarrthóir tar éis aistarraingt ón gcomórtas agus ní dhéanfar breithniúchán breise ar a iarrthóireacht.

Seirbhís Custaiméirí ar Ardchaighdeán

Tá de chuspóir againn seirbhís den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí. Mura bhfuil tú sásta le haon ghné den tseirbhís a fhaigheann tú uainn, ar chúis ar bith, impímid ort aird an aonaid nó an bhaill foirne lena mbaineann sí a tharraingt uirthi. Tá tábhacht ag baint leis sin lena chinntiú go gcuirtear ar an eolas muid maidir leis an bhfadhb agus gur féidir linn na céimeanna iomchuí a thógáil leis an scéal a réiteach.

Fearas Taifeadta a Úsáid

Ní cheadaíonn COGG aon fhearas taifeadta a úsáid gan chead ina bhfoirgneamh. Baineann sin le taifeadadh fuaimne ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físeáin de chineál ar bith cé acu atá taifeadadh fuaimne i gceist nó nach bhfuil agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist.

Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leis fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachtas na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe.

Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, sa chás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- Sa chás nach bhfuil an duine ceaptha chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir; agus
- Sa chás gur ceapadh í/é ina dhiaidh sin sa phróiseas earcaíochta i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

Nós imeachta nuair a lorgaíonn iarrthóirí athbhreithniú ar Chinneadh a rinneadh i dtaca lena n-iarratas

Is féidir le hiarrthóirí athbhreithniú a lorg má tá siad míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne an Roinn Oideachais. Déanfaidh an roinn iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha Ailt 7 na gCód Cleachtas do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís 19 agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (an Coimisiún). Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór d'iarrthóirí na fíricí a thaispeánann, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltofar iarratas ar athbhreithniú murar féidir le hiarrthóirí fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Molann an Coimisiún sa chás go gceapann an duine sa phost (Príomhoifigeach na Rannóige Acmhainní Daonna de chuid na Ranna Oideachais sa chás seo) gur féidir an cheist a réiteach gur chóir tabhairt faoi ar bhonn neamhfhoirmiúil, sula dtugtar faoi trí athbhreithniú foirmiúil, má aontaíonn an t-iarrthóir.

Nós imeachta d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth ba chóir go dtarlódh sé idir an iarrthóir agus ionadaí de chuid na roinne a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe.

- Sa chás go mbaineann an cinneadh le staid eatramhach den phróiseas roghnaithe, caithfear an t-iarratas ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a fháil laistigh de 2 lá oibre ón dáta a fuarthas an cinneadh.
- Sa chás go bhfuil an iarrthóirí míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil a bheith acu, is féidir leo tabhairt faoi na nósanna imeachta thíos.
- Más mian leis an iarrthóir go bpléifí leis an gceist trí athbhreithniú foirmiúil, ní mór don iarrthóir é sin a dhéanamh laistigh de 2 lá oibre ón dáta ar fógraíodh an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil.

Nós imeachta d’Athbhreithniú Foirmiúil den Phróiseas Roghnaithe

Ní mór don iarrthóir a g(h)eará(i)n maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig Bainisteoir na nAcmhainní Daonna ag léiriú na bhfíricí a thaispeánann go raibh gníomh nó cinneadh mícheart.

- Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh. Sa chás go mbaineann an cinneadh le céim eatramhach den phróiseas earcaíochta, ní mór an t-iarratas a fháil laistigh de 4 lá oibre.
- Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é Bainisteoir na nAcmhainní Daonna amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leis.
- Ní foláir an toradh a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre tar éis an gearán nó an t-iarratas ar athbhreithniú a fháil.

Próiseas Gearáin

Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh an Roinn Oideachais Cód Cleachtais an Choimisiúin a d’fhéadfadh cur as d’ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir (nó duine a d’fhéadfadh a bheith ina (h)iarrthóir) gearán a dhéanamh faoi Alt 8 chuig Bainisteoir Acmhainní Daonna na Ranna Oideachais ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil an duine sin míshásta fós.

- Ba chóir líomhaintí faoi shárú na gCód Cleachtais a chur i scríbhinn agus gan mhoill chuig Bainisteoir na nAcmhainní Daonna ar dtús. Ní mór do ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaithe an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainiú agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir le gearánaithe tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí prionsabail an Chóid seo.
- Nuair a fhaigheann an Roinn Oideachais gearán is féidir go ndéanfaidh siad socrú déileáil le gearánaithe ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an

Níl aon dualgas ar an Roinn Oideachais an próiseas ceapacháin a stad a fhad is atá siad ag plé le hathbhreithniú. Bí ar an eolas i gcás gur tharla athbhreithniú foirmiúil de phróiseas earcaíochta agus roghnaithe faoi Alt 7 den Chód Cleachtais, ní féidir leis an ngearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8 seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún ar a thoil.

Iarratas ar Aiseolas

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith gur gá cloí leis i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas a thabhairt.

Dualgais na nIarrthóirí:

Ní mór d'iarrthóirí:

- Tuiscint agus inniúlacht a bheith acu chun dualgais an phoist ábhartha a chomhlíonadh
- A bheith feiliúnach de bharr a gcarachtair
- A bheith feiliúnach i ngach slí le haghaidh an cheapacháin don phost ábhartha;

agus má éiríonn le hiarrthóir, ní cheapfar don phost ach amháin:

- Go n-aontaíonn sé/ sí tabhairt faoi na dualgais atá bainteach leis an bpost agus go n-aontaíonn sé/ sí leis na coinníollacha a dhéantar, nó a d'fhéadfaí, dualgais an phoist a chomhlíonadh dá réir
- Go bhfuil sé/ sí lán-inniúil, lán-chumasach agus ar fáil chun na dualgais atá bainteach leis an bpost a chomhlíonadh.

Níl cead ag iarrthóirí:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó

Níl cead ag tríú pearsa pearsanú a dhéanamh ar an iarrthóir am ar bith le linn an phróisis.

Cód Cleachtais a Shárú

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,

- dícháileofar é/í mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas é/í;
- má ceapadh í/é i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost í/é.

Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata um chosaint sonraí a bhí i bhfeidhm faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE. Nuair a chuireann tú iarratas isteach, is féidir linn taifead ríomhaire a chruthú faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Má roghnaítear thú ón gcomórtas earcaíochta agus roghnaithe, is féidir go gcuirfear d'iarratas ar fáil do rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar sannadh thú. Le hiarratas a dhéanamh teacht ar do shonraí pearsanta, cuir d'iarratas chuig: dpo@education.gov.ie agus bí cinnte go ndéanann tú cur síos cruinn ar na taifid atá á lorg agat chun gur féidir linn na taifid chuí a fháil.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh na Ranna Oideachais leagtha amach ar an leathanach seo

Ní foláir d'iarrthóirí a thuiscint go ndícháileofar iad má dhéanann siad canbhasáil.

Aguisín 1

Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach mar Leas-Phríomhfheidhmeannach ar COGG –

Ceannaireacht:

- Cuireann sé/ sí go gníomhach le straitéisí agus beartais na Roinne/na hEagraíochta a fhorbairt
- Tugann sé/ sí fócas agus tiomantas chun leibhéil arda feidhmíochta a thógáil agus a choinneáil, ag dul i ngleic le haon saincheisteanna feidhmíochta de réir mar a thagann siad chun cinn
- Ceannas agus uasmhéadú a dhéanamh ar rannchuidiú na foirne ina hiomláine
- Measann sé/ sí éifeachtacht na dtorthaí i dtéarmaí níos leithne ná a réimse díreach féin
- Sainmhíonann sé/ sí cuspóirí/spriocanna agus tarmligeann sí/ sé go héifeachtach, ag spreagadh úinéireacht agus freagracht as tascanna
- Forbraíonn sé/ sí cumas daoine eile trí aiseolas, oiliúint agus deiseanna a chruthú d'fhorbairt scileanna
- Aithníonn agus glacann sí/ sé deiseanna chun leas a bhaint as bealaí nua agus nuálacha seachadta seirbhíse

Breithiúnas, Anailís & Cinnteoireacht

- Déanann sé/ sí taighde críochnúil ar shaincheisteanna, ag dul i gcomhairle go cuí chun an fhaisnéis uile a theastaíonn ar shaincheist a bhailiú
- Tuigeann sé/ sí saincheisteanna casta go tapa, ag ionsú agus ag déanamh measúnú cruinn ar shonraí (lena n-áirítear sonraí uimhriúla)
- Comhtháthaíonn sé/ sí snáitheanna éagsúla faisnéise, ag aithint idirghaolta agus naisc
- Úsáidtear breithiúnas chun cinntí soiléire, tráthúla agus bunaithe ar shaincheisteanna tábhachtacha a dhéanamh
- Breithníonn sé/ sí na himpleachtaí, na cláir oibre agus na híogaireachtaí níos leithne laistigh de chinntí agus an tionchar ar raon páirtithe leasmhara
- Glacann sé/ sí seasamh daingean ar shaincheisteanna a mheasann sé/ sí a bheith tábhachtach

Bainistiú & Seachadadh Torthaí

- Glacann sé/ sí freagracht as tascanna dúshlánacha agus déanann sé/ sí beart de réir a b(h)riathar in am agus ar ardchaighdeán
- Pleanáil agus tosaíocht a thabhairt d'obair i dtéarmaí tábhachtacha, scálaí ama agus srianta eile acmhainní, iad a chur in ord tosaíochta arís i bhfianaise cúinsí a bheith ag athrú

- Cinntíonn sé/ sí go bhfuil seirbhís ardchaighdeán agus éifeachtach do chustaiméirí lárnach in obair an rannáin
- Breathnaíonn sé/ sí go criticiúil ar shaincheisteanna chun conas is féidir rudaí a dhéanamh níos fearr a fháil amach
- Tá sé/ sí oscailte do thionscnaimh smaointe nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna
- Cinntíonn sé/ sí go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtacha agus ardluacha a sholáthar
- Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar iliomad tionscadal

Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Faisnéis a chur i láthair ar bhealach muiníneach, loighciúil agus diongbháilte, ó bhéal agus i scríbhinn
- Plé oscailte cuiditheach a spreagadh maidir le saincheisteanna oibre
- Obair foirne a chur chun cinn laistigh den rannóg, ach oibriú go héifeachtach ar thionscadail ar fud Ranna/Earnálacha
- Coinníonn sé/ sí guaim agus smacht orthu féin agus é/ í ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile
- Leagann sé/ sí béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse féin
- Forbraíonn agus coinníonn sé/ sí líonra teagmhálacha chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú
- Téann sé/ sí i dteagmháil go héifeachtach le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal, Comhghleacaithe Seirbhíse Poiblí agus an córas polaitiúil

Saineolas Eolas Speisialtóra agus Féinforbairt

- Tá tuiscint shoiléir aige/ aici ar a c(h)uspóirí agus spriocanna féin agus na foirne agus mar a oireann siad d'obair an aonaid agus na Roinne/Eagraíochta
- Tá eolas fairsinge agus domhain aige/ aici ar shaincheisteanna na Roinne agus an Rialtais agus tá sé íogair do thosaíochtaí polaitiúla agus eagraíochtúla níos leithne
- Measann páirtithe leasmhara ina réimse féin gur saineolaí é
- Tá sé dírithe ar fhéinforbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis chun cuidiú le riachtanais shonracha an róil a chomhlíonadh

Tiomáint & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

- Tá sé/ sí féinspreagtha agus léiríonn sé/ sí go bhfuil fonn air/ uirthi feidhmiú go leanúnach ag leibhéal ard
- Tá sé macánta agus iontaofa go pearsanta agus is féidir brath air/ uirthi
- Cinntíonn sé/ sí go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil
- Le dea-shampla a thabhairt, cothaíonn sé/ sí na caighdeáin eitice agus ionracais is airde